
Uisce Éireann
Irish Water

# FÓGRA POIBLÍ

An tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021 agus Rialacháin na gComhphobal (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha)2011


Tugtar cuireadh d'aighneachtaí poiblí maidir le hiarratas ar cheadúnas úsáide muirí agus maidir le measúnú iomchuí

Chuir Uisce Éireann iarratas faoi bhráid an Údaráis Rialála Limistéir Mhuirí ("MARA") ar cheadúnas úsáide muirí faoi alt 117 den Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021 chun tabhairt faoi staidéar ar shamhaltú straitéiseach ar shruthanna uisce feadh stráice de chósta Chorcaí Theas. Teastaíonn na gníomhaíochtaí chun tacú le bonneagar fuíolluisce a dhearadh agus a thoiliú. Rinne an t-iarratasóir iarratas ar cheadúnas a mhairfidh cúig bliana.




Seoladh Ráiteas Tionchair Natura gaolmhar leis an iarratas thuas ar cheadúnas. Tá an t-iarratas ar cheadúnas agus an Ráiteas Tionchair Natura ar fáil lena n-iniúchadh ar shuíomh gréasáin MARA https://www.maritimeregulator.ie/application/mul230015/ agus ag an seoladh seo a leanas trí choinne – An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí, An 2ú hUrlár, Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighní, Draighneach, Loch Garman, Y35 RF29.

Is féidir le baill den phobal ar mian leo aighneacht a dhéanamh i scríbhinn le MARA ar an iarratas ar cheadúnas agus an Ráiteas Tionchair Natura amhlaidh a dhéanamh agus an uimhir thagartha: MUL230015 á lua chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas – licence@mara.gov.ie nó sa phost chuig an seoladh seo a leanas – An tAonad Ceadúnas, An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí, An 2ú hUrlár, Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighní, Draighneach, Loch Garman, Y35 RF29.
Is é an dáta agus an t-am is déanaí ar a nglacfaidh MARA le haighneachtaí scríofa 17.30 an 02/03/2026.
Tabharfaidh MARA ansin, a luaithe is indéanta, faoin gcinneadh faoin measúnacht chuí i gcomhréir le Rialachán 42 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 Déanfaidh MARA an t-iarratas ar cheadúnas a dheonú, a dheonú go páirteach nó a dhiúltú i ndiaidh an chinnidh.
Dar dáta an 30 lá seo de de Eanáir 2026.

Sínithe:  Ionadaí thar ceann: Uisce Éireann